# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Adhmaid

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí mínithe le húsáid i dTeicneolaíocht Adhmaid do 2024**

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ | Faisnéis ábhartha | N/B |
| [0] | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |


**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na Sraithe Sóisearaí, 2024***

# *Teicneolaíocht Adhmaid*

## *Comhleibhéal*


## *Scéim Mharcála*





*Cuirtear na réitigh Shamplacha a thaispeántar i láthair mar fhreagraí samplacha.*
*Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.*


Freagair gach ceist.

## Ceist 1

<table>
<tr><th>C.</th><th>FREAGRA</th><th>ÍOMHÁ(NNA)</th><th>MARC</th></tr>
<tr><td rowspan="3">(a)</td><td>(i) Cúis amháin le dair a úsáid chun an stól a dhéanamh.<br>• Adhmad buanfasach<br>• Neamhdhíobhálach don timpeallacht<br>• Patrún deas snáithe<br>• Is furasta oibriú leis an adhmad...<br>Aon chúis eile atá cuí ceart.</td><td></td><td>2 mharc</td></tr>
<tr><td colspan="2">(ii) Luaigh le tic (✓) ...
<table>
<tr><th>Adhmad</th><th>Dúchasach</th><th>Neamhdhúchasach</th></tr>
<tr><td>Fuinseog</td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Mahagaine</td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>Seiceamar</td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>Balsa</td><td></td><td>✓</td></tr>
</table></td><td>(1 an cheann)<br>4 mharc</td></tr>
<tr><td colspan="2">(iii) Tabhair cúis amháin le crua-adhmad dúchasach Éireannach a úsáid in ionad crua-adhmaid iompórtáilte.<br>• Tá sé níos inbhuanaithe adhmad a fhaightear go háitiúil a úsáid<br>• Téann cur foraoise áitiúla chun tairbhe don timpeallacht<br>• Tá costais iompair bhreise i gceist le haghaidh adhmad iompórtáilte.<br>Aon chúis eile atá cuí ceart.</td><td>2 mharc</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>(i) Buntáiste agus míbhuntáiste maidir le dualalt.<br>Buntáiste:<br>• Is furasta é a dhéanamh<br>• Is féidir é a chóimeáil / a dhíchóimeáil go gasta....<br>Míbhuntáiste:<br>• Tá sé deacair na poill a dhruileáil go cruinn<br>• Modh siúntála níos laige...</td><td></td><td>(2 + 2)<br>4 mharc</td></tr>
</table>


| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii) Ainmnigh agus sceitseáil alt ar bith eile féideartha** ...<br><br>Alt moirtíse agus tionúir, leathalt, déadalt, alt domanó…….. |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(c)** | **(i) Ainmnigh gach ceann de na huirlisí gearrtha…**<br><br>**A** – Preabhshábh<br>**B** – Scrollsábh<br>**C** – Crios-sábh | **A**  | (1 an cheann)<br>**3 mharc** |
| | **(ii) An meaisín is fearr chun an barr cruinn a ghearradh**<br><br>Moladh:<br><br>• Cúis oiriúnach leis an rogha uirlise/meaisín. | **B**  | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| | **(iii) Liostaigh dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith is cóir a chomhlíonadh má úsáidtear an uirlis ghearrtha B thuas.**<br><br>• Caith cosaint súl cheart i gcónaí<br>• Caith masc deannaigh i gcónaí<br>• Coinnigh na méara agus na lámha ar shiúl ón lann<br>• Ba chóir muinchillí scaoilte nó fada a chrapadh suas<br>• Coinnigh greim dhaingean ar ábhar ar an mbord agus tú ag gearradh.<br><br>Aon réamhchúram eile atá feiliúnach. | **C**   | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | | **Ceist 1 Iomlán** | **27 marc** |

## Ceist 2

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Ainmnigh dhá chlár mhonaraithe fhéideartha.**<br>• Lamwood/Pineboard<br>• Sraithadhmad<br>• Clár Snáithíneach Meándlúis (SMD)<br>• Slischlár... |  | (1 + 1)<br>**2 mharc** |
| | **(ii) Buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le clár monaraithe a úsáid...**<br>Buntáiste:<br>• Ar fáil i leatháin mhóra<br>• Níos saoire...<br>Míbhuntáiste:<br>• Teastaíonn bailchríoch choirre breise ó na himill<br>• Ní bhíonn patrún snáithe dromchla tarraingteach i gcónaí... | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(iii) Luaigh le tic (✓) ...** | | (1 an cheann)<br>**4 mharc** |

| Cláir Mhonaraithe | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| De ghnáth bíonn costas níos lú ar chláir mhonaraithe ná ar adhmad soladach | ✓ | |
| Tá cláir mhonaraithe níos inbhuanaithe ná adhmad soladach a úsáid | ✓ | |
| Fásann cláir mhonaraithe in ithreacha de gach cineál | | ✓ |
| Is as fuíollábhar a dhéantar cláir mhonaraithe de ghnáth | ✓ | |


| C. | FREAGRA | MARC |
|---|---|---|
| (b) | **(i) Críochnaigh an t-ingearchló.** | **3 mharc** |
| | **(ii) Críochnaigh an bonnchló.** | **3 mharc** |



**(c)** **(i) Tabhair cúis amháin le liosta gearrtha a ullmhú.**

- Soláthraíonn sé liosta de na hábhair go léir agus a méideanna
- Is féidir é a úsáid agus ábhar á ghearradh/ á ullmhú do thionscadal
- Úsáidtear é chun costas tionscadail a fháil
- Laghdaítear dramhaíl.

Aon chúis oiriúnach eile




**2 mharc**


**(ii) Críochnaigh an liosta gearrtha.**






| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn | 1 | **240** | 115 | 9 |
| Éadan | 1 | 240 | 50 | **9** |
| Cúl | 1 | 240 | **100** | 9 |
| Lár | 1 | 240 | 75 | 9 |
| Taobhanna | **2** | 60 | 50 | 9 |

(1 an cheann)
**4 mharc**



**Ceist 2 Iomlán** **22 marc**

## Ceist 3




| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **Tabhair dhá bhreithniú ba chóir a chur san áireamh agus bréagán adhmaid do pháiste á dhearadh.**<br>• Cruthaigh mór go leor iad ionas nach féidir iad a shlogadh<br>• Tá bailchríoch neamh-tocsaineach air<br>• Gan imill ghéara<br>• Gan páirteanna scaoilte<br>• Spraíúil lena úsáid/ildaite.<br>Breithniú oiriúnach eile. |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| (b) | **Ainmnigh an uirlis mharcála a thaispeántar.**<br>Tomhsaire Marcála |  | **2 mharc** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** | **Ainmnigh agus déan sceitse d'uirlis amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun an trinse a bhaint.**<br><br>• Sábh tionúir<br>• Déadsábh<br>• Siséal níos daingne<br>• Máilléad<br>• Cuasphlána.<br><br>Aon uirlis oiriúnach eile. |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(d)** | **Ainmnigh bailchríoch oiriúnach agus tabhair cúis amháin leis an rogha.**<br><br>Vearnais uiscebhunaithe, céir bheach….<br><br>Cúis:<br>• Bailchríoch neamh-tocsaineach<br>• Feabhsaítear bailchríoch dromchla an bhréagáin…<br><br>Aon chúis oiriúnach eile. |  | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| **(e)** | **Bain úsáid as nótaí agus sceitsí, agus déan cur síos ar dhá chéim ar bith i dtaca leis an adhmad a ullmhú do do bhailchríoch roghnaithe.**<br><br>• Bain úsáid as scríobaire chun marcanna pinn luaidhe nó scríobthaí a bhaint<br>• Líon isteach poill nó lochtanna ar bith<br>• Greanáil na dromchlaí go léir go mbeidh siad mín ag baint úsáid as páipéar scrábach – ag dul ó gharbh go mín<br>• Dustáil na dromchlaí<br>• Glan na dromchlaí le héadach tais<br>• Gearr siar an snáithe ardaithe siar le páipéar scrábach mín<br>• Glan le biotáille bhán…<br><br>Cuir céim oiriúnach eile leis. | <br><br> | (4 + 4)<br>**8 marc** |
| | | **Ceist 3 Iomlán** | **22 marc** |

## Ceist 4

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Tabhair dhá chúis nach mór foraoisí na hÉireann a bhainistiú.**<br>• Soláthar seasta adhmaid a sholáthar chun freastal ar riachtanais<br>• Úsáid chuí a bhaint as talamh<br>• Éiceachórais agus bithéagsúlacht a chothabháil<br>• Fostaíocht a chur ar fáil<br>• Is féidir speiceas cuí a chur.<br>Aon chúis oiriúnach eile. |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Liostaigh dhá thairbhe a bhaineann le foraoisí a chur.**<br>• Ocsaigin a tháirgeadh dár dtimpeallacht<br>• $CO^2$ a ionsú – truailliú a laghdú<br>• Soláthar a dhéanamh don fholláine – conairí siúil, spásanna glasa, srl<br>• Gnáthóg a chur ar fáil ó fheithidí, ainmhithe agus plandaí<br>• Adhmad a sholáthar don tionscal adhmaid<br>• Fostaíocht a chur ar fáil<br>• Is féidir speiceas cuí a chur.<br>Aon tairbhe eile atá cuí ceart. | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| (b) | **Ag úsáid nótaí agus sceitsí, déan cur síos ar shaintréith a bhaineann le duilleog chrua-adhmaid agus duilleog bhogadhmaid.**<br>Duilleog chrua-adhmaid:<br>• Tá na duilleoga leathan<br>• Athraíonn a ndath san fhómhar<br>• Titim siad de na crainn san fhómhar.<br>Duilleog bhogadhmaid:<br>• Duilleoga caola spíonacha<br>• Tá bratú céiriúil orthu lena gcosaint<br>• Fanann siad ar na crainn sa gheimhreadh. |  | (4 + 4)<br>**8 marc** |
| (c) | **(i) Sainaithin gach cuid den trasghearradh.**<br>**A** – Croí-adhmad<br>**B** - Basta<br>**C** - Coirt<br>**D** - Fáinní bliantúla |  | (1 an cheann)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Feidhm na coirte**<br>• Cosnaíonn sí na crainn ar ainmhithe agus ar fheithidí<br>• Cuireann sí cosc ar na crainn triomú amach<br>• Inslíonn sí an crann i gcoinne fuachta agus teasa.<br>Aon fheidhm eile atá cuí ceart. | | **2 mharc** |
| | | **Ceist 4 Iomlán** | **22 marc** |

## Ceist 5

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Sainaithin an fabht le tic.**<br><br>Veinír ☐<br>Fabht réalta ☑ ✓ |  | **1 mharc** |
| | **(ii) Déan cur síos ar éifeacht an fhabht ar adhmad.**<br><br>• Laghdaítear neart an adhmaid<br>• Téann sé i gcion ar chuma an adhmaid<br>• Tá sé níos deacra oibriú leis an adhmad…<br><br>Aon éifeacht eile atá cuí ceart. | | **2 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh agus sceitseáil fabht amháin eile.**<br><br>• Fabht cupáin<br>• Fabht fáinne<br>• Croílobhadh<br>• Cranra beo. |  | (1 + 3)<br>**4 mharc** |
| (b) | **Ainmnigh an t-earra deilte thíos agus tabhair úsáid ar leith dó.**<br><br>Sciath sábháilteachta<br><br>Úsáid:<br>• Cosnaíonn sé an aghaidh agus tú i mbun deileadóireachta<br>• Cuireann sé cosc ar bhearradh adhmaid agus ar dheannach dul isteach sna súile agus tú ag obair… |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| (c) | **Déan cur síos ar dhá chéim a theastaíonn chun an bloc a ullmhú le feistiú ar an deil.**<br><br>• Aimsigh lár an bhloic<br>• Marcáil amach ciorcal ar an mbloc le compás nó teimpléad<br>• Ag baint úsáid as plána nó sábh oiriúnach, múnlaigh an ciorcal nó gearr coirnéil chun ochtagán a chruthú<br>• Ailínigh lár an bhloic le lár an phláta fásála<br>• Scriúáil an pláta fásála ar an mbloc ag baint úsáid as scriúnna den mhéid cuí.<br><br>Aon chéim eile atá cuí ceart. |  | (4 + 4)<br>**8 marc** |

| | | |
|---|---|---|
| **(d)** | **Dear seastán chun na sé ubhchupán a choinneáil agus a chur ar taispeáint ar bhord.**<br><br>Cur i láthair an réitigh dearaidh:<br><br>1. Aonad/seastán **bunúsach** gan smaoineamh ar na sé ubhchupán a choinneáil agus a thaispeáint. (2 mharc)<br><br>2. Iarracht **áirithe** ubhchupáin a choinneáil ionas go dtaispeántar iad agus go bhfuil rochtain éasca orthu i seastán tarraingteach, feiliúnach - le nótaí ann. (4 mharc)<br><br>3. Dearadh atá sceitseáilte go **maith**, ina dtaispeántar nótaí agus cruthaitheacht éigin maidir leis na cupáin a choinneáil ionas go dtaispeántar iad agus go mbeidh rochtain éasca orthu – le nótaí ann. (6 mharc)<br><br>4. Sceitse dearadh ar caighdeán **den scoth** den seastán, ina dtaispeántar nuálaíocht agus cruthaitheacht bhunaidh chun na hubhchupáin a choinneáil ionas go dtaispeántar iad agus go bhfuil rochtain éasca orthu.<br>Is gá go mbeidh an sceitse rindreáilte nó faoi scáth agus nótaí ag gabháil leis. (8 marc) | **8 marc** |
| | **Ceist 5 Iomlán** | **27 marc** |

## Scéim Marcála na hOibre Cúrsa 2024

| Fóilió Mo Thuras Dearaidh | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal** | **Cur síos** | **Marcanna** |
| **Achoimre a Iniúchadh** | **Ní bheidh á scrúdú in 2024** | |
| **Fiosrú** | **Ní bheidh á scrúdú in 2024** | |
| **Smaointe a ghiniúint** | **Ní bheidh á scrúdú in 2024** | |
| **Mo rogha dearaidh** & **an chosaint** | An réiteach dearaidh is rogha leat a chur i láthair<br>Smaoinigh ar agus cosain na cinntí dearaidh a rinne tú chun teacht ar an dearadh is rogha leat | 20 |
| **Líníochta(í) oibre** / **Sceitsí** | **Ní bheidh á scrúdú in 2024** | |
| **Meastóireacht** & **Athmhachnamh ar an bhfoghlaim** | Pléigh na rudaí ar éirigh leo, na dúshláin agus na nithe a d'fhoghlaim tú agus an obair chúrsa á comhlánú agat | 15 |
| **An déantúsán** | | |
| **Comhlíonann an déantúsán an achoimre** | Comhlíonadh riachtanais na hachoimre sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Úsáid éifeachtach ábhar, phróiseas agus theicnící** | Úsáid inbhuanaithe agus úsáid chuí na n-ábhar, na bpróiseas agus na dteicnící agus an déantúsán á chur i gcrích | 20 |
| **Cruthaitheacht** | Cumadóireacht agus samhlaíocht léirithe sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Ceardaíocht, scileanna agus teicnící** | Foirfeacht ceardaíochta léirithe i dtógáil an déantúsáin | 60 |
| **Cóimeáil an déantúsáin** | Cé chomh maith is a rinneadh an déantúsán a chóimeáil | 10 |
| **Bailchríoch a chur ar an déantúsán** | Tá bailchríoch atá ar ard-chaighdeán curtha ar ábhair an déantúsáin | 20 |
| **Cur i láthair** | Cur i láthair foriomlán an déantúsáin chríochnaithe | 20 |
| | **Móriomlán an Obair Chúrsa i 2024** | **225** |

In 2024, bronnfar 225 marc san iomlán don obair chúrsa in ionad 280 marc a bheidh i bhfeidhm le linn gnáth-bhlianta. Coinneofar ualú na hoibre cúrsa ag 70% (280 marc) trí ath-ualú a dhéanamh ar mharc na hoibre sula gcuirfear é leis an marc a ghnóthaítear don scrúdú scríofa.